Cúrsaí tríú leibhéal

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na daltaí scoile a fhreastalaíonn ar chúrsaí tríú leibhéal a bhfuil pointí arda ag dul leo. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. éagothroime _____
2. mionléargas _____
3. foras _____
4. ailtireacht _____
5. innealtóireacht _____
6. táillí _____
7. sochaí _____
8. aicme _____
9. cothromaíocht _____
10. maoiniú _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad iad na samplaí a tugadh sa mhír de chúrsaí tríú leibhéal a bhfuil pointí arda a dhíth le freastal orthu?

2. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

   20 scoil
   8%
   3 scoil

3. Cad a bhí le rá ag an Ollamh Gerry Ó Ruairc agus ag an gComhairleoir Cathal Ó Conchúir?

Ceist 3 '…figiúirí bliantúla agus ceantair b**h**ochta…'

A. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht iolra 'bochta'?

B. Cuir an fhoirm cheart de na haidiachtaí atá idir lúibíní sna bearnaí:

- páistí (beag) _____
- cathaoireacha (dubh) _____
- fir (dathúil) _____
- scoileanna (maith) _____
- ábhair (suimiúil) _____
- gluaisteáin (deas) _____
- turais (fada) _____
- eochracha (mór) _____
- cótaí (trom) _____

Ceist 4 '…sin í an fhadhb…'

Is múinteoir í Máire.

1. Cuir Gaeilge ar na ceisteanna seo:

   Is Máire a teacher?
   Isn't Máire a teacher?
   Is Máire the teacher?

2. Cad iad freagraí gonta (*yes/no*) na gceisteanna sin?

Ceist 5 Bhí a lán samplaí de bhreischéim na haidiachta le cloisteáil sa mhír. Scríobh amach iad.

mór	is *mó*
ard	is _____
deireanach	is _____
maith	is _____
spéisiúil	is _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a léiríonn na figiúirí a luadh sa mhír faoi shochaí na hÉireann, dar leat?
2. Ar cheart go mbeadh oideachas saor do chách, dar leat?
3. Cá bhfaigheann an Stát an t-airgead, dar leat, le híoc as oideachas agus leigheas shaoránaigh na tíre?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	éagothroime	*inequality*
2.	mionléargas	*detailed insight*
3.	foras	*foundation, institution*
4.	ailtireacht	*architecture*
5.	innealtóireacht	*engineering*
6.	táillí	*fees*
7.	sochaí	*society*
8.	aicme	*class (social)*
9.	cothromaíocht	*balance*
10.	maoiniú	*funding, finance*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A. Séimhítear aidiachtaí san iolra nuair a leanann siad ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol san iolra, fiú má thagann na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** le chéile ag deireadh an ainmfhocail agus ag tús na haidiachta.

B.

- páistí (beag)	páistí beaga
- cathaoireacha (dubh)	cathaoireacha dubha
- fir (dathúil)	fir dhathúla
- scoileanna (maith)	scoileanna maithe
- ábhair (suimiúil)	ábhair shuimiúla
- gluaisteáin (deas)	gluaisteáin dheasa
- turais (fada)	turais fhada
- eochracha (mór)	eochracha móra
- cótaí (trom)	cótaí troma

Ceist 4
An múinteoir í Máire?
Is ea. / Ní hea.

Nach múinteoir í Máire?
Is ea. / Ní hea.

An í Máire an múinteoir?
Is í. / Ní hí.

Ceist 5

mór	is mó
ard	is airde
deireanach	is deireanaí
maith	is fearr
spéisiúil	is spéisiúla

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Daltaí a théann chuig scoileanna[1] príobháideacha is mó a théann ar aghaidh go dtí na cúrsaí tríú leibhéal a bhfuil na pointí is airde ag teastáil lena n-aghaidh. Tá an éagothroime idir scoileanna príobháideacha agus scoileanna eile ó thaobh na gcúrsaí tríú leibhéal sin ag méadú chomh maith. Sin a thugtar le fios sna figiúirí is deireanaí a thugann mionléargas dúinn ar na scoileanna agus na ceantair is fearr a chruthaíonn, ó thaobh oideachas tríú leibhéal.

Sinéad Ní Neachtain
Tugann na figiúirí bliantúla léargas ar líon na ndaltaí a théann ar aghaidh go dtí cúrsaí oideachais tríú leibhéal agus cé acu foras a dtéann siad chuige. Tá leigheas, innealtóireacht agus ailtireacht i measc na gcúrsaí a bhfuil pointí fíorard ag teastáil lena n-aghaidh. Is scoileanna táille iad 20 scoil as an 25 a chuir daltaí ar aghaidh chuig cúrsaí ardphointí i mbliana. Ach léiríonn na figiúirí freisin gur níos lú ná 8% de dhaltaí as ceantair bhochta thart timpeall na tíre a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí ardphointí ag an tríú leibhéal. Dar le saineolaí amháin gur léiriú iad na figiúirí seo ar an éagothromaíocht atá i sochaí na tíre.

An tOllamh Gerry Mac Ruairc, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
An rud is spéisiúla ná nuair a bhreathnaíonn tú taobh thiar de na figiúirí sin agus nuair a bhreathnaíonn tú ar na cúrsaí le hardphointí, tá rud éigint[2] ar siúl ansin, gan amhras. Agus, ansin, is ansin a fheiceann tú an éagothromaíocht atá sa tsochaí agus ní maith an rud é sin mar tá tú…mar tá an scéal ann go bhfuil go leor daoine ó gach aicme ag dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. Ach, ní mar an gcéanna an tríú leibhéal do na daoine sin agus sin í an fhadhb agus sin í an áit ar féidir a fheiceáil go bhfuil fadhb ansin ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Sinn Féin le thíocht[3] le chéile sa mbliain[4] nua le plé a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí na cearta oideachais céanna a chur ar fáil do gach dalta.

An Comhairleoir Cathal Ó Conchúir, Sinn Féin
Táimid ag iarraidh a thíocht[5] le chéile go bhfeicimid an bhfuil bealach ar bith gur féidir linn an éagothromaíocht seo a cheartú agus go mbeidh an fháil chéanna[6] ag chuile[7] dhalta sa tír seo, chuile mhac léinn sa tír seo ar oideachas tríú leibhéal agus go mbeidh cothromaíocht ann agus nach mbeidh an éagothromaíocht seo ann – má tá maoiniú ag daoine sa mbaile[8], go bhfuil siad beagnach cinnte go bhfaighidh siad áit ag an tríú leibhéal.

Sinéad Ní Neachtain
Trí chéile agus taobh amuigh de chúrsaí a bhfuil ardphointí ag teastáil lena n-aghaidh, tá ardú tagtha ar líon na scoileanna gan táillí a bhfuil daltaí dá gcuid ag dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal. Taispeánann na figiúirí go bhfuil trí scoil Lán-Ghaeilge ina measc siúd is mó a chuireann daltaí ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal. Tá Coláiste na Coiribe anseo i nGaillimh ar an gceann is fearr acu sin.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

[1] *scoileannaí* a deirtear i gcanúint Chonnacht
[2] *éigin* an leagan caighdeánach
[3] *le teacht* an leagan caighdeánach
[4] Córas Chonnacht
[5] *teacht* an leagan caighdeánach
[6] *an fáil céanna* a deirtear
[7] *gach uile* an leagan caighdeánach
[8] Córas Chonnacht